**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof – an Ghearmáin) – flightright GmbH v American Airlines, Inc.**

**(Cás C-436/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(1)(a) – Raon feidhme – Airteagal 2(f) go (h) – An coincheap "ticéad" – An coincheap "áirithint" – An coincheap "nasceitilt" – Áirithint a dhéanamh trí ghníomhaireacht taistil – Airteagal 7 – Aerphaisinéirí a chúiteamh i gcás ina bhfuil moill fhada ar eitilt – Oibríocht tráchtála arb éard atá inti ná roinnt eitiltí atá á n-oibriú ag aeriompróirí oibriúcháin ar leith – Nasceitilt a imíonn ó aerfort atá lonnaithe i mBallstát, le stad san Eilvéis agus arb í tríú tír a ceann scríbe)***

(2022/C 451/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* flightright GmbH

*Cosantóir:* American Airlines, Inc.

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 2(h) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

leis an gcoincheap "nasceitilt", cuimsítear oibríocht tráchtála arb éard atá inti ná roinnt eitiltí, atá á n-oibriú ag aeriompróirí oibriúcháin ar leith nach bhfuil comhbhaint dhlíthiúil áirithe acu le chéile, i gcás inar thug gníomhaireacht taistil na heitiltí sin le chéile, ar gníomhaireacht taistil í ar ghearr praghas foriomlán agus ar eisigh aon ticéad amháin don oibríocht sin, rud a fhágann go bhfuil an ceart chun cúiteamh á fháil faoi Airteagal 7 den Rialachán sin inagartha ag paisinéir a imíonn ó aerfort atá lonnaithe i mBallstát agus atá thíos le moill fhada a chuirtear ar a shroicheadh nó a sroicheadh ag ceann scríbe na heitilte deireanaí.

[1] IO C 452, 8.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022 – KN v Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)**

**(Cás C-673/21 P)** [1]

***(Achomharc – Dlí institiúideach – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) – Cód iompair – Líomhaintí maidir le ciapadh morálta in aghaidh ball de CESE – Imscrúdú ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – Cinneadh an ball a mhaolú óna dhualgais maoirseachta agus bainistíocht foirne – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúiteamh)***

(2022/C 451/08)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KN (ionadaithe: M. Aboudi agus M. Casado García-Hirschfeld, Dlíodóirí)